# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2014

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

# Tíreolaíocht

## Gnáthleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- Braitheann na sonraí a theastaíonn in aon cheist ar an gcomhthéacs agus ar an mbealach a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna a sannadh don fhreagra sa scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná samplaí, etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus is féidir glacadh le freagraí malartacha bailí eile etc.
- Chun críche marcála, is é is Pointe Suntasach Ábhartha (PSÁ) ann ná aon phíosa amháin d'eolas fíorasach a dtabharfaidh scrúdaitheoir ualú marcála dó mar atá leagtha síos sa scéim mharcála (3 mharc de ghnáth). Mar a moladh roimhe seo i gCiorclán S85/09 agus sna Táscairí Marcála Samplacha atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, ba cheart do gach PSÁ teacht aníos as an eolas a thugann an t-iarrthóir, rud is cúis le freagra comhleanúnach foriomlán ar an gceist.

# Fiosrúchán Tíreolaíochta – Croí-Aonad 3

1. Réamhrá
   4 PSÁ @ 1 mharc an ceann
   Cloí leis an bhfad a leagadh síos – 1 mharc — Marcanna Iomlána: 5

2. Pleanáil
   4 PSÁ @ 1 mharc an ceann
   Cloí leis an bhfad a leagadh síos – 1 mharc an ceann — Marcanna Iomlána: 5

3. Bailiú Sonraí
   Dhá Mhodh/Thasc @ 18 marc an ceann
   Gach modh/tasc – 9 PSÁ @ 2 mharc an ceann (18 x 2) 36 marc

| | |
|---|---|
| Comhleanúnachas – bronntar 2 mharc | |
| Cloí leis an bhfad a leagadh síos – 2 mharc | 4 mharc |

Marcanna Iomlána: 40

4. Torthaí, Tátail, Luacháil
   Trí theideal @ 8 marc an ceann
   Gach teideal: 4 PSÁ @ 2 mharc an ceann
   24 marc

| | |
|---|---|
| Comhleanúnachas – bronntar 4 mharc | |
| Cloí leis an bhfad a leagadh síos – 2 mharc | 6 mharc |

Marcanna Iomlána: 30

5. Eagrú agus Léiriú Torthaí
   10 PSÁ @ 2 mharc an ceann
   Marcanna Iomlána: 20

*(Feic Aguisín 1 chun teacht ar an Liosta Topaicí)*

| CUID 1 – CEISTEANNA GEARRFHREAGRA – 100 MARC |
|---|
| Freagair **DEICH** gceist. |
| Tá na ceisteanna go léir ar aon mharc. |
| ***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SNA SPÁSANNA ATÁ ANN DÓIBH*** |

**1. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | 484 m | 5 mharc |
| (ii) | 6.5-8.3 | 5 mharc |

**Marcanna iomlána: 10**

**2. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Crann | 2 mharc |
| | Oifig an Phoist | 2 mharc |
| | Galfchúrsa | 2 mharc |
| | Páirceáil/Ionad amhairc | 2 mharc |
| (ii) | Galf/Campáil/Páirc Charbhán | 1+1 mharc |

**Marcanna iomlána: 10**

**3. Aerfótagraif**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | An Tulra ar Chlé | 2 mharc |
| | An Cúlra ar Chlé | 2 mharc |
| Lár an Tulra/An Cúlra ar Dheis/An Tulra ar Dheis | | 2 Mharc |
| An Tulra ar Chlé/An Tulra ar Dheis/An Cúlra ar Chlé/ Lár an Chúlra | | |
| (ii) | Earrach | 2 mharc |
| (ii) | Aon chúis bhailí | 2 mharc |

**Marcanna iomlána: 10**

**4. Próisis Fhisiceacha**

| | | |
|---|---|---|
| Sil-leagan abhann | D | 2 mharc |
| Sil-leagan cósta | B | 2 mharc |
| Creimeadh abhann | A | 2 mharc |
| Oighearchreimeadh | E | 2 mharc |
| Sil-leagan oighreach | C | 2 mharc |

**Marcanna iomlána: 10**

**5. Creathanna Talún**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | Fócas | C | 2 mharc |
| | Tonnta Turrainge | A | 2 mharc |
| | Éasclíne | B | 2 mharc |
| (ii) | Scála Richter/scála Mercalli | | 2 mharc |
| (iii) | Súnámaí | | 2 mharc |

**Marcanna iomlána: 10**

**6. Teicteonaic Phlátaí**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | Pláta na hAfraice | B | 2 mharc |
| | Pláta Mheiriceá Thuaidh | A | 2 mharc |
| | Pláta an Aigéin Chiúin | C | 2 mharc |
| (ii) | Pláta na hEoráise/Pláta na hIndia NÓ Pláta Cocos/Pláta Mhuir Chairib Pláta Nazca/Pláta Mheiriceá Theas | | 2 mharc |
| (iii) | Pláta na hEoráise | | 2 mharc |

**Marcanna iomlána: 10**

**7. Carraigeacha na hÉireann**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | Aolchloch | Co. an Chláir | 2 mharc |
| | Basalt | Co. Aontroma | 2 mharc |
| | Eibhear | Co. Chill Mhantáin | 2 mharc |
| (ii) | Eibhear | Bruthcharraig | 2 mharc |
| | Aolchloch | Carraig Dhríodair | 2 mharc |

**Marcanna iomlána: 10**

**8. Staitisticí Aimsire**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Samhain | 2 mharc |
| (ii) | Iúil | 2 mharc |
| (iii) | Iúil | 2 mharc |
| (iv) | Níor thit | 2 mharc |
| (v) | 10.1 | 2 mharc |

**Marcanna iomlána: 10**

## 9. Gníomhaíocht Gheilleagrach

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | A | Príomhúil | 2 mharc |
| | B | Treasach | 2 mharc |
| | C | Tánaisteach | 2 mharc |
| | D | Príomhúil | 2 mharc |
| (ii) | Mianadóireacht nó Iascaireacht | | 2 mharc |

**Marcanna iomlána: 10**

## 10. Léirmhíniú ar Íomhánna Satailíte

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | Easanna Niagara, Ceanada | A | 2 mharc |
| | Oighearshruth ag gluaiseacht san Eilvéis | B | 2 mharc |
| | Caisleán Bhaile Átha Troim, Co. na Mí | C | 2 mharc |
| | Cumhachtstáisiún hidrileictreach | D | 2 mharc |
| (ii) | Úsáid ainmnithe | | 2 mharc |

**Marcanna iomlána: 10**

## 11. Léirmhíniú ar Ghrafaicí

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Bréagach | 2 mharc |
| (ii) | Bréagach | 2 mharc |
| (iii) | Fíor | 2 mharc |
| (iv) | Fíor | 2 mharc |
| (v) | Fíor | 2 mharc |

**Marcanna iomlána: 10**

## 12. Réigiúin

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | Comhairle Contae Fhine Gall | D | 2 mharc |
| (ii) | Páras | E | 2 mharc |
| (iii) | Sambre Meuse | A | 2 mharc |
| (iv) | Mezzogiorno, Deisceart na hIodáile | B | 2 mharc |
| (v) | An Mheánmhuir | C | 2 mharc |

**Marcanna iomlána: 10**

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA – 300 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **THRÍ** cheist, mar seo a leanas:

- **DHÁ** cheist as **Roinn 1 – Croí-Aonaid**:
  - Ceist **amháin** as Ceist 1, 2 agus 3

    **AGUS**
  - Ceist **amháin** as Ceist 4, 5 agus 6
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 2 – Toghaonaid**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR***

## ROINN 1 – CROÍ-AONAID

### Ceist 1 go 6

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

- **CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach**

**AGUS**

- **CEIST AMHÁIN** as **Tíreolaíocht Réigiúnach**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH**

**Ceist 1 go 3**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 1

### A. Creathanna Talún

> **Crith Talún i Muir na hÉireann**
>
> Tharla crith talún de mhéid 3.8 maidin inniu. Bhí an t-eipealár thart ar 2 km amach ó chósta Leithinis Lleyn sa Bhreatain Bheag agus 97 km soir ó dheas ó Bhaile Átha Cliath. Tharla crith níos lú de mhéid 1.7 ceithre nóiméad ina dhiaidh sin.
>
> Braitheadh croitheadh measartha i gCeatharlach, Cill Dara, Cill Mhantáin, Loch Garman agus Baile Átha Cliath. Rinne stáisiúin creathanna talún chomh fada ar shiúl le Dairbhre, Dún na nGall agus Gaillimh taifeadadh ar an gcrith freisin.
>
> *Curtha in oiriúint ón Irish Independent, 28 Meitheamh 2013*

Léigh an t-alt nuachtáin thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén treo ó Bhaile Átha Cliath ina raibh eipealár an chreatha talún **agus** cé mhéad ciliméadar ó Bhaile Átha Cliath a raibh an t-eipealár?

**Soir ó thuaidh ó Bhaile Átha Cliath — 3 mharc**

**97 km — 3 mharc**

(ii) Ainmnigh **dhá** áit in Éirinn inar braitheadh an crith talún.

**Dhá áit ainmnithe ar bith @ 3 mharc an ceann — 6 mharc**

(iii) Cad é an téarma a thugtar ar na creathanna talún níos lú a tharlaíonn tar éis an phríomhchreatha talún?

**Iarchreathanna — 6 mharc**

(iv) Luaigh **dhá** iarmhairt ar chreathanna talún.

**Dhá iarmhairt luaite ar bith @ 3 mharc an ceann — 6 mharc**

(v) Mínigh go hachomair cén fáth nach raibh creathanna talún **móra** in Éirinn.

**Míniúchán achomair - 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann — 6 mharc**

**Marcanna iomlána: 30**

**B. Bolcáin**

(i) Ainmnigh **dhá** shampla de bholcáin.
**Dhá shampla @ 2 mharc an ceann** **4 mharc**

(ii) Déan cur síos ar na hiarmhairtí diúltacha a bhíonn ar bholcáin.
**6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18 marc**

(iii) Déan cur síos ar na hiarmhairtí dearfacha a bhíonn ar bholcáin.
**6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18 marc**

**Marcanna Iomlána: 40**

**C. Idirghníomhaíocht an Duine le Timthriall na gCarraigeacha**

Déan cur síos ar cheann **amháin** ar bith de na samplaí a leanas d'idirghníomhaíocht an duine le timthriall na gcarraigeacha:

- Cairéalú
- Mianadóireacht
- Saothrú Ola/Gáis
- Táirgeadh fuinneamh geoiteirmeach.

**10 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **30 marc**

**Marcanna iomlána: 30**

## Ceist 2

### A. Próisis Dromchla

(i) **Gné ainmnithe**

| | | |
|---|---|---|
| **Scileach** | **B** | **4 mharc** |
| **U-ghleann** | **C** | **4 mharc** |
| **Eas** | **A** | **4 mharc** |

(ii) **Próiseas ainmnithe:**

| | | |
|---|---|---|
| **A** | **Creimeadh** | **4 mharc** |
| **B** | **Síonchaitheamh** | **4 mharc** |
| **C** | **Creimeadh** | **4 mharc** |

(iii) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *síonchaitheamh*.

**Míniúchán achomair - 2 PSÁ @ 3 mharc an ceann**

**Marcanna iomlána: 30**

### B. Tírdhreach Carstach

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de thírdhreach carstach a bhfuil staidéar déanta agat air.

**Tírdhreach ainmnithe** — **2 mharc**

(ii) Mínigh, agus léaráid mar chúnamh agat, conas a fhoirmítear gné **dhromchla amháin** i dtírdhreach carstach.

| | |
|---|---|
| **Gné Dhromchla ainmnithe** | **1 mharc** |
| **Léaráid** | **3 mharc grádaithe (3/1/0)** |
| **Míniúchán:** | |
| **5 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **15 mharc** |

(iii) Mínigh, agus léaráid mar chúnamh agat, conas a fhoirmítear gné **amháin faoi thalamh** i dtírdhreach carstach.

| | |
|---|---|
| **Gné faoi Thalamh ainmnithe** | **1 mharc** |
| **Léaráid** | **3 mharc grádaithe (3/1/0)** |
| **Míniúchán:** | |
| **5 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **15 mharc** |

**Marcanna Iomlána: 40**

## C. Idirghníomhaíocht an Duine

Déan cur síos agus tabhair míniú ar an tslí a ndéanann an duine iarracht ceann **amháin** de na próisis dromchla a leanas a rialú:

- Próisis abhann
- Próisis chósta
- Ollghluaiseacht.

| | |
|---|---|
| **Rialú sainaitheanta** | **3 mharc** |
| **Cur síos agus míniúchán:** | |
| **9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **27 marc** |

**Marcanna iomlána: 30**

## Ceist 3

### A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar agus, ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **ainmnigh** iad seo a leanas:

**Sceitse:**

| | |
|---|---|
| **Teorainneacha/Fráma** | **1 mharc** |
| **Comhréir** | **2 mharc grádaithe (2/0)** |
| **Tuairim ar an Iomlán** | **2 mharc grádaithe (2/1/0)** |
| | **5 mharc san iomlán** |

**Cúig ghné a thaispeáint agus a ainmniú, mar a leanas:**

| | |
|---|---|
| **Limistéar talún os cionn 300 méadar** | **Taispeáint 3 mharc gradaithe (3/1/0)** |
| | **Ainmniú 2 mharc** |
| **Gach gné eile** | **Taispeáint 3 mharc gradaithe (3/2/1/0)** |
| | **Ainmniú 2 mharc** |

**I gcás rianú soiléir bronn 50% de na marcanna a gnóthaíodh as na gnéithe a thaispeáint agus a ainmniú agus bronn 0 marc de na 5 mharc as na teorainneacha, as an gcomhréir agus as an tuairim iomlán.**

**Marcanna iomlána: 30**

**B. Próisis Dromchla**

**Freagair** (i) **nó** (ii).

(i) Mínigh, agus léaráidí mar chúnamh agat, foirmiú aon **dá** thírghné atá mar thoradh ar an bpróiseas a roghnaigh tú.

| | |
|---|---|
| **Foirmiú aon dá thírghné @ 20 marc an ceann** | **40 marc** |
| **Do gach aon tírghné:** | |
| **Foirmiú trí na próisis mínithe @** | **20 marc** |
| **Tírghné ainmnithe** | **1 mharc** |
| **Léaráid:** | |
| **Dhá rud @ 2 mharc an ceann** | **4 mharc** |
| **Foirmiú na tírghné mínithe:** | |
| **5 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **15 mharc** |

**Ní mór do PSÁ amháin ar a laghad míniú a thabhairt ar phróiseas ábhartha**

**NÓ**

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar aon **dá** phróiseas ollghluaiseachta.

| | |
|---|---|
| **Dhá phróiseas ar bith @ 20 marc an ceann** | **40 marc** |
| **Do gach Próiseas:** | |
| **luaite** | **2 mharc** |
| **6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **18 marc** |

**Marcanna iomlána: 40**

**C. Teicteonaic Phlátaí**

Déan cur síos agus tabhair míniú ar an rud a tharlaíonn ag teorainneacha plátaí.

| | |
|---|---|
| **Cur síos agus míniúchán:** | |
| **10 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **30 marc** |

**Marcanna iomlána: 30**

| TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH |
|---|
| **Ceist 4 go 6** |
| Freagair ceist **AMHÁIN** |

## Ceist 4

**A. Réigiún Ilchríochach / Réigiún Fo-ilchríochach**

Tarraing sracléarscáil de réigiún **Ilchríochach** / **Fo-ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an tsracléarscáil, **taispeáin** agus **ainmnigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- Limistéar rilífe ainmnithe **amháin** sa réigiún (talamh ard nó íseal)
- Abhainn ainmnithe **amháin** sa réigiún
- **Dhá** bhaile mhóra nó **dhá** chathair ainmnithe sa réigiún.

**Sracléarscáil:**

| | | |
|---|---|---|
| **Imlíne an Réigiúin** | **6 mharc grádaithe (6/4/2/0)** | |
| **Talamh Ard/Íseal** | **Ainmnithe** | **2 mharc** |
| | **Taispeánta** | **4 mharc grádaithe (4/2/0)** |
| **Abhainn ainmnithe amháin** | **Ainmnithe** | **2 mharc** |
| | **Taispeánta** | **4 mharc grádaithe (4/2/0)** |
| **Baile/Cathair 1** | **Ainmnithe** | **2 mharc** |
| | **Taispeánta** | **4 mharc grádaithe (4/2/0)** |
| **Baile/Cathair 2** | **Ainmnithe** | **2 mharc** |
| | **Taispeánta** | **4 mharc grádaithe (4/2/0)** |

**Marcanna iomlána: 30**

## B. Gníomhaíocht Gheilleagrach i Réigiún Eorpach

Ainmnigh réigiún **Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air agus mínigh aon **dá** cheann acu seo a leanas:

- Tábhacht an **iompair** sa réigiún seo
- Na cúiseanna a mealltar **turasóirí** go dtí an réigiún seo
- An cineál **feirmeoireachta** a chleachtar sa réigiún seo
- Na cúiseanna le forbairt na **tionsclaíochta** sa réigiún seo.

| | |
|---|---|
| **An réigiún a ainmniú** | **1 mharc** |
| **Gníomhaíocht 1 mínithe:** | |
| **7 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **21 marc** |
| **Gníomhaíocht 2 mínithe:** | |
| **6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **18 marc** |

**Marcanna iomlána: 40**

## C. Fás Uirbeach in Éirinn

Déan cur síos agus tabhair míniú ar na cúiseanna le fás uirbeach in aon limistéar **uirbeach in Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air.

| | |
|---|---|
| **Limistéar uirbeach a ainmniú** | **3 mharc** |
| **Cur Síos agus Míniúchán:** | |
| **9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **27 marc** |

**Marcanna iomlána: 30**

## Ceist 5

**A. An tAontas Eorpach**

(i) Ainmnigh **dhá** cheann ar bith de na ballstáit bhunaidh.

**Dhá cheann ar bith de na ballstáit bhunaidh ainmnithe**
**@ 3 mharc an ceann** **6 mharc**

(ii) Cén bhliain ar ghlac Éire ballraíocht san Aontas Eorpach **agus** ainmnigh tír **amháin** eile a ghlac ballraíocht an bhliain sin?

**1973** **3 mharc**
**An Ríocht Aontaithe/an Danmhairg** **3 mharc**

(iii) Ainmnigh an tír ar a bhfuil an lipéad **X** agus a ghlac ballraíocht san Aontas Eorpach in 2013.

**An Chróit** **6 mharc**

(iv) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** do na ballstáit a bhaineann le méadú an Aontais Eorpaigh.

**Míniúchán achomair:**
**2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6 mharc**

(v) Mínigh go hachomair míbhuntáiste **amháin** do na ballstáit a bhaineann le méadú an Aontais Eorpaigh.

**Míniúchán achomair:**
**2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6 mharc**

**Marcanna iomlána: 30**

**B. Gníomhaíochtaí Geilleagracha i Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach**

Déan cur síos agus tabhair míniú ar fhorbairt thionscal na déantúsaíochta i réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (**nach bhfuil san Eoraip**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

**An réigiún a ainmniú** **3 mharc**
**Cur síos/Míniúchán:**
**9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **27 marc**

**Marcanna iomlána: 30**

**C. Turasóireacht i Réigiún in Éirinn**

Ainmnigh réigiún **amháin in Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

**Ainmnigh réigiún in Éirinn** **1 mharc**

(i) Ainmnigh **dhá** rud a mheallann turasóirí go dtí an réigiún seo.

**Dhá rud a mheallann turasóirí ainmnithe @ 3 mharc an ceann** **6 mharc**

(ii) Mínigh na hiarmhairtí dearfacha a bhaineann le turasóireacht sa réigiún seo.

**Míniúchán:**
**6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18 marc**

(iii) Mínigh na hiarmhairtí diúltacha a bhaineann le turasóireacht sa réigiún seo.

**Míniúchán:**
**5 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **15 mharc**

**Marcanna Iomlána: 40**

## Ceist 6

### A. Réigiún Eorpach

Tarraing sracléarscáil de réigiún **Eorpach** (**nach bhfuil in Éirinn**) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **ainmnigh** gach ceann acu seo a leanas:

- **Dhá** bhaile mhóra nó **dhá** chathair ainmnithe sa réigiún
- Abhainn ainmnithe **amháin** sa réigiún
- Limistéar rilífe ainmnithe **amháin** sa réigiún (talamh ard nó íseal).

**Sracléarscáil d'imlíne an réigiúin** **6 mharc grádaithe (6/4/2/0)**
**Taispeáin agus ainmnigh 4 rud @ 6 mharc an ceann**

| | | |
|---|---|---|
| **Baile/Cathair 1** | **Ainmnithe** | **2 mharc** |
| | **Taispeánta** | **4 mharc grádaithe (4/2/0)** |
| **Baile/Cathair 2** | **Ainmnithe** | **2 mharc** |
| | **Taispeánta** | **4 mharc grádaithe (4/2/0)** |
| **Abhainn Ainmnithe** | **Ainmnithe** | **2 mharc** |
| | **Taispeánta** | **4 mharc grádaithe (4/2/0)** |
| **Limistéar rilífe** | **Ainmnithe** | **2 mharc** |
| | **Taispeánta** | **4 mharc grádaithe (4/2/0)** |

**Marcanna iomlána: 30**

### B. Talmhaíocht i Réigiún in Éirinn

Ainmnigh réigiún **amháin in Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

**Ainmnigh réigiún amháin in Éirinn** **2 mharc**

(i) Ainmnigh **dhá** chineál talmhaíochta a chleachtar sa réigiún seo.
**Dhá chineál ar bith ainmnithe @ 1 mharc an ceann** **2 mharc**

(ii) Mínigh na buntáistí atá sa réigiún d'fhorbairt na talmhaíochta.
**Buntáistí mínithe:**
**6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18 marc**

(iii) Déan cur síos ar na dúshláin roimh an talmhaíocht sa réigiún seo.
**Cur síos déanta ar na dúshláin:**
**6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18 marc**

**Marcanna Iomlána: 40**

## C. Réigiúin agus Cultúr

Is minic a shainmhínítear cultúr réigiúin de réir reiligiúin, teanga, ceoil, damhsa agus cluichí.

Déan cur síos agus tabhair míniú ar thábhacht an chultúir i réigiún ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air.

| | |
|---|---|
| **An réigiún a ainmniú** | **3 mharc** |
| **Cur síos/Míniúchán:**<br>**9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **27 marc** |

**Marcanna iomlána: 30**

**ROINN 2 – TOGHAONAID**

**Ceist 7 go 12**

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi aon cheist **AMHÁIN** as:

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha**

**NÓ**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS I nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA**

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

**A. Forbairt Gheilleagrach**

(i) Ríomh an difríocht idir an Ollioncam Náisiúnta in aghaidh an duine (dollair) i Háítí agus in Éirinn.

**$27601** **6 mharc**

(ii) Cé mhéad bliain ionchais a chaithfeadh leanaí in Éirinn ar scoil sa bhreis ar leanaí san India?

**7.6 Bliain** **6 mharc**

(iii) Mínigh go hachomair cén fáth a bhfuil an t-ionchas saoil ag breith níos ísle i dtíortha áirithe.

**Míniúchán achomair:**
**2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6 mharc**

(iv) Ainmnigh an tír ina bhfuil an luach is ísle ar an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna **agus** ainmnigh an tír ina bhfuil an luach is airde ar an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna.

**Háítí** **3 mharc**
**Éire** **3 mharc**

(v) Liostaigh **dhá** chúis a bhfuil luach an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna níos airde i dtíortha áirithe ná mar atá i dtíortha eile.

**2 chúis @ 3 mharc an ceann** **6 mharc**

**Marcanna iomlána: 30**

**B. Gníomhaíocht Gheilleagrach agus Coimhlint**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** inar tháinig coimhlint chun cinn idir dhaoine mar thoradh ar fhorbairt gníomhaíochtaí geilleagracha.

**Sampla ainmnithe** **3 mharc**

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar an gcoimhlint seo.

**Cur Síos/Míniúchán:**

**9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **27 marc**

**Marcanna iomlána: 30**

**C. Cuideachta Ilnáisiúnta**

(i) Ainmnigh cuideachta ilnáisiúnta **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat uirthi **agus** ainmnigh suíomh **amháin** ina bhfuil an chuideachta ilnáisiúnta seo lonnaithe.

**Ainmnigh an chuideachta ilnáisiúnta** **2 mharc**

**Luaigh suíomh** **2 mharc**

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar na cúiseanna ar bunaíodh an chuideachta ilnáisiúnta san áit seo.

**Cur Síos/Míniúchán:**

**6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18 marc**

(iii) Mínigh cúis **amháin** a mb'fhéidir go ndéanfadh an chuideachta idirnáisiúnta cinneadh aistriú go dtí limistéar eile.

**Míniúchán:**

**6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18 marc**

**Marcanna iomlána: 40**

## Ceist 8

**A. Úsáid Fuinnimh**

(i) Agus **grafpháipéar** á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

| | |
|---|---|
| **Grafpháipéar** | **3 mharc** |
| **Ais cheartingearach lipéadaithe / Ciorcal** | **3 mharc grádaithe (3/1/0)** |
| **Ais chothrománach lipéadaithe / Láraithe** | **3 mharc grádaithe (3/1/0)** |
| **5 Rud @ 3 mharc an ceann, grádaithe** | **15 mharc** |

(ii) I do fhreagarleabhar, ainmnigh **dhá** fhoinse fuinnimh in-athnuaite.

**2 fhoinse ainmnithe @ 3 mharc an ceann** **6 mharc**

**Marcanna iomlána: 30**

**B. Forbairt Gheilleagrach – Geilleagar Forbartha**

(i) Ainmnigh geilleagar forbartha **amháin** ina gcuireann an turasóireacht **nó** seirbhísí airgeadais leis an ngeilleagar sin.

**Geilleagar forbartha amháin ainmnithe** **4 mharc**

(ii) Mínigh na cúiseanna ar fhás an turasóireacht **nó** seirbhísí airgeadais sa gheilleagar forbartha a ainmníodh.

**Míniúchán:**

**6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18 marc**

(iii) Déan cur síos ar fhadhb **amháin** atá ann mar thoradh ar fhás na turasóireachta **nó** na seirbhísí airgeadais sa gheilleagar forbartha a ainmníodh.

| | |
|---|---|
| **Fadhb luaite** | **3 mharc** |
| **5 PSÁ @ 3 mharc** | **15 mharc** |

**Marcanna Iomlána: 40**

## C. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.

Samhlaigh go bhfuil sé mar chúram ort suíomh oiriúnach a aimsiú do chuideachta ilnáisiúnta sa limistéar ar an léarscáil.

(i) Luaigh go soiléir, cén áit a gcuirfeá an chuideachta ilnáisiúnta agus tagairt eangaí sé fhigiúr á húsáid agat.

**Tagairt eangaí sé fhigiúr** **6 mharc grádaithe (6/4/2/0)**

(ii) Mínigh **dhá** chúis ar son an tsuímh seo.

**Cúis 1** **3 PSÁ @ 3 mharc an ceann**
**Cúis 2** **3 PSÁ @ 3 mharc an ceann**

**18 marc**

(iii) Mínigh míbhuntáiste **amháin** a bhaineann leis an suíomh seo.

**Míbhuntáiste amháin mínithe:**

**2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6 mharc**

**Marcanna iomlána: 30**

## Ceist 9

**A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar an aerfótagraf.
Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- **Dhá** shráid a bhuaileann le chéile
- Droichead
- Carrchlós
- Limistéar tionsclaíochta
- Limistéar gharbhlach.

**Sceitse:**

| | |
|---|---|
| **Teorainneacha/Fráma** | **1 mharc** |
| **Comhréir** | **2 mharc grádaithe (2/0)** |
| **Tuairim ar an Iomlán** | **2 mharc grádaithe (2/1/0)** |
| | **5 mharc san iomlán** |

**Cúig rud taispeánta agus ainmnithe mar a leanas:**

| | |
|---|---|
| **Taispeáint** | **3 mharc grádaithe (3/1/0)** |
| **Ainmniú** | **2 mharc** |

**I gcás rianú soiléir bronn 50% de na marcanna a gnóthaíodh as na rudaí a thaispeáint agus a ainmniú agus bronn 0 marc de na 5 mharc as na teorainneacha, as an gcomhréir agus as an tuairim iomlán.**

**Marcanna iomlána: 30**

**B. Truailliú na Timpeallachta**

(i) Ainmnigh sampla **amháin** de thruailliú na timpeallacha a bhfuil staidéar déanta agat air.
**Sampla Ainmnithe** **4 mharc**

(ii) Mínigh na cúiseanna leis an truailliú timpeallachta seo agus na hiarmhairtí a bhaineann leis.
**Míniúchán - 8 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **24 marc**
**1 chúis agus 1 iarmhairt ar a laghad le míniú**

(iii) Déan cur síos ar conas a d'fhéadfaí an truailliú timpeallachta seo a laghdú.
**Cur síos - 4 PSÁ @ 3 mharc** **12 mharc**

**Marcanna Iomlána: 40**

**C. Polasaithe an Aontais Eorpaigh**

Roghnaigh polasaí **amháin** de chuid an Aontais Eorpaigh as an liosta thíos. Déan cur síos agus tabhair míniú ar na slite a ndeachaigh an polasaí sin i bhfeidhm ar gheilleagar na hÉireann.

- An Comhbheartas Talmhaíochta
- An Comhbheartas Iascaireachta
- Cistí Forbartha Réigiúnaí
- Ciste Sóisialta.

**Cur Síos agus Míniúchán:**
**10 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **30 marc**

**Marcanna iomlána: 30**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS I gCOMHSHAOL AN DUINE**

**Ceist 10 go 12**

## Ceist 10

**A. Aerfótagraf**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den limistéar a thaispeántar ar an aerfótagraf.
Ar an tsracléarscáil sin, **taispeáin** agus **lipéadaigh** gach ceann díobh seo a leanas:

- **Dhá** shráid a bhuaileann le chéile
- Carrchlós
- Limistéar caitheamh aimsire
- Limistéar tithíochta
- Ionad siopadóireachta.

**Sceitse**:

| | |
|---|---|
| **Teorainneacha/Fráma** | **1 mharc** |
| **Comhréir** | **2 mharc grádaithe (2/0)** |
| **Tuairim ar an Iomlán** | **2 mharc grádaithe (2/1/0)** |
| | **5 mharc san iomlán** |

**Cúig rud taispeánta agus ainmnithe mar a leanas:**

| | |
|---|---|
| **Taispeáint** | **3 mharc grádaithe (3/1/0)** |
| **Ainmniú** | **2 mharc** |

**I gcás rianú soiléir bronn 50% de na marcanna a gnóthaíodh as na rudaí a thaispeáint agus a ainmniú agus bronn 0 marc de na 5 mharc as na teorainneacha, as an gcomhréir agus as an tuairim iomlán.**

**Marcanna iomlána: 30**

## B. Feidhmeanna Uirbeacha

Déan cur síos agus tabhair míniú ar conas a athraíonn na feidhmeanna agus na seirbhísí i limistéar uirbeach le himeacht aimsire. Bíodh tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**Sampla** **3 mharc**
**Cur síos/Míniúchán:**
**9 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **27 marc**

**Marcanna iomlána: 30**

## C. Ródhaonra

(i) Ainmnigh réigiún **amháin** a bhfuil ródhaonra ann.
**Réigiún ainmnithe** **4 mharc**

(ii) Mínigh cúis **amháin** leis an ródhaonra seo.
**Míniúchán:**
**4 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **12 mharc**

(iii) Déan cur síos ar na fadhbanna a bhíonn ann mar thoradh ar an ródhaonra sa réigiún seo.
**Cur Síos:**
**4 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **12 mharc**

(iv) Déan cur síos ar réiteach **amháin** ar fhadhb an ródhaonra.
**Cur Síos:**
**4 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **12 mharc**

**Marcanna Iomlána: 40**

## Ceist 11

Modh Iompair ag Daoine ag dul ag Obair i roinnt Réigiún in Éirinn (%)

| Réigiún | Siúl na gCos | Rothar | Bus &Traein | Gluais-rothar | Carr | Leoraí &Veain | Ag obair ón mbaile |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| An tIarthar | 7.9 | 1.4 | 2.1 | 0.2 | 68.3 | 9.7 | 10.4 |
| Baile Átha Cliath | 12.8 | 5.0 | 19.9 | 0.9 | 52.2 | 3.5 | 5.7 |
| An tOir-Dheisceart | 9.1 | 0.9 | 1.3 | 0.3 | 69.3 | 8.9 | 10.2 |

Curtha in oiriúint ón CSO

**A. Taisteal agus Obair**

Taispeánann an tábla seo na modhanna iompair a bhíonn ag daoine agus iad ag dul ag obair i roinnt réigiún in Éirinn. Tá céatadán na ndaoine a bhíonn ag obair ón mbaile tugtha freisin.
Scrúdaigh an tábla agus freagair gach ceann de na ceisteanna seo a leanas.

(i) Cad a bhí an modh taistil is coitianta ag daoine ag dul ag obair?

**Carr** **6 mharc**

(ii) Cé acu réigiún ina raibh an céatadán comhiomlán ab airde daoine ag dul ag obair de shiúl na gcos agus ar rothar?

**Baile Átha Cliath** **6 mharc**

(iii) Mínigh go hachomair cén fáth gur i réigiún Bhaile átha Cliath a bhí an céatadán ab airde daoine ag dul ag obair ar an mbus agus ar an traein.

**Míniúchán achomair:**
**2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6 mharc**

(iv) Liostaigh **dhá** fhadhb a d'fhéadfadh a bheith ann i gceantair uirbeacha ina mbíonn céatadán ard daoine ag dul ag obair i gcarr.

**Ainmnigh 2 fhadhb @ 3 mharc an ceann** **6 mharc**

(v) Liostaigh **dhá** shlí a ndéanann na húdaráis i gceantair uirbeacha iarracht an líon daoine a théann ag obair i gcarr a ísliú.

**Ainmnigh 2 shlí @ 3 mharc an ceann** **6 mharc**

**Marcanna iomlána: 30**

**B. Lonnaíocht Stairiúil**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis agus an eochair eolais a thugtar leis an bpáipéar seo.

(i) Agus tagairtí eangaí sé fhigiúr á n-úsáid agat, ainmnigh agus tabhair suíomh **trí** shampla éagsúla de lonnaíocht stairiúil atá le feiceáil ar léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis.

**Do gach lonnaíocht stairiúil:**

**3 lonnaíocht ainmnithe @ 2 mharc an ceann 6 mharc**

**Suíomh tugtha do 3 lonnaíocht @ 2 mharc an ceann grádaithe (2/1/0) 6 mharc**

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar gach ceann de na samplaí de lonnaíocht stairiúil a ainmníodh i gcuid (i) thuas.

**Lonnaíocht 1 Cur síos/Míniúchán:**
**2 PSÁ @ 3 mharc an ceann 6 mharc**

**Lonnaíocht 2 Cur síos/Míniúchán:**
**2 PSÁ @ 3 mharc an ceann 6 mharc**

**Lonnaíocht 3 Cur síos/Míniúchán:**
**2 PSÁ @ 3 mharc an ceann 6 mharc**

**Marcanna iomlána: 30**

**C. Cathair sa Domhan i mbéal Forbartha**

(i) Ainmnigh cathair **amháin** sa domhan i mbéal forbartha.

**Cathair amháin sa domhan i mbéal forbartha ainmnithe 4 mharc**

(ii) Mínigh na fadhbanna a bhíonn sa chathair a ainmníodh.

**Míniúchán tugtha ar na fadhbanna:**
**8 PSÁ @ 3 mharc an ceann 24 marc**

(iii) Déan cur síos ar réiteach **amháin** ar na fadhbanna seo.

**Cur síos déanta ar réiteach:**
**4 PSÁ @ 3 mharc an ceann 12 mharc**

**Marcanna Iomlána: 40**

## Ceist 12

**A. Cathracha an Domhain**

An Daonra i gcuid de na Cathracha is mó Daonra ar Domhan, 2012

| Cathair | Daonra (milliúin) |
|---|---|
| Súl | 10 |
| Londain | 8 |
| Mainile | 12 |
| Iostanbúl | 14 |

Curtha in oiriúint ón CIA World Factbook

Scrúdaigh na sonraí thuas a thaispeánann daonra cuid de na cathracha is mó daonra ar domhan in 2012.

(i) Agus **grafpháipéar** á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

**Grafpháipéar** **2 mharc**
**Ais Cheartingearach lipéadaithe** **3 mharc grádaithe (3/1/0)**
**Ais Chothrománach lipéadaithe** **3 mharc grádaithe (3/1/0)**
**4 Rud @ 4 mharc an ceann grádaithe (4/2/0)** **16 mharc**

(ii) I do fhreagarleabhar, mínigh go hachomair fadhb **amháin** a bhaineann le cathracha móra.

**Míniúchán:**
**2 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **6 mharc**

**Marcanna iomlána: 30**

**B. Imirce**

(i) Luaigh **dhá** chúis a dtéann daoine ar imirce ó cheantair thuaithe go dtí ceantair uirbeacha.
**Luaigh dhá chúis @ 2 mharc an ceann** **4 mharc**

(ii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar an tionchar a bhíonn ag an imirce seo ar na ceantair uirbeacha a dtéann daoine ar imirce chucu.
**Cur síos/Míniúchán:**
**6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18 marc**

(iii) Déan cur síos agus tabhair míniú ar an tionchar a bhíonn ag an imirce seo ar na ceantair thuaithe a fhágann siad ina ndiaidh.
**Cur síos/Míniúchán:**
**6 PSÁ @ 3 mharc an ceann** **18 marc**

**Marcanna Iomlána: 40**

**C. Forbairt Bailte**

Scrúdaigh an t-aerfótagraf a thugtar leis an bpáipéar seo.

Ag baint úsáide duit as fianaise as an aerfótagraf, mínigh **trí** chúis ar fhás baile Dhún Garbháin sa suíomh ina bhfuil sé inniu.

| | |
|---|---|
| **Fianaise as an aerfótagraf** | **3 mharc** |
| **Cúis 1 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **9 marc** |
| **Cúis 2 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **9 marc** |
| **Cúis 3 3 PSÁ @ 3 mharc an ceann** | **9 marc** |

**Marcanna iomlána: 30**

## Aguisín 1

## Liosta na dTopaicí d'Fhiosrúchán Tíreolaíochta in 2014

1. Staidéar ar phróisis gheomorfacha an iompair **agus** an tsil-leagain i dtimpeallacht abhann nó chósta nó oighreach.

2. Fiosrúchán faoin tionchar a bhíonn ag gníomhaíocht an duine ar na próisis gheomorfacha i dtimpeallacht abhann nó chósta nó oighreach.

3. Anailís ar an gcoibhneas idir an talamhúsáid agus sruth an tráchta i gceantar áitiúil.

4. Staidéar ar bhainistíocht na dramhaíola i gceantar áitiúil.

5. An t-athrú ar phatrúin dhéimeagrafacha i gceantar áitiúil.

6. Staidéar ar phatrúin áitiúla aimsire.

## Aguisín 2 – Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn thar 75% d'iomlán na marcanna. Ba chóir freisin an marc bónais sin a shlánú síos.

Iomlán: 400 Gnáthráta: 10%

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás marcanna suas go 300. Thar an marc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |

Fiosrúchán Tíreolaíochta – Ná cuirtear san áireamh san iomlán le haghaidh marcanna breise é.

Nóta: Tá fáil ar scéim mharcála mhionathraithe le haghaidh iarrthóirí a thug faoi scrúdpháipéar mionathraithe.

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán

Leathanach Bán